RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/428 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Márta 2021

lena nglactar formáidí caighdeánacha sonraí maidir le cur isteach iarratas ar fhormheas nó ar leasú ar na coinníollacha formheasa le haghaidh substaintí gníomhacha, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia ([1]) agus go háirithe Airteagal 39f(2)(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I measc Rialacháin eile a leasaíodh le Rialachán (AE) 2019/1381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) chun trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú riosca an Aontais a neartú i ngach réimse den bhiashlabhra ina ndéanann an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") measúnú riosca eolaíoch.

(2) Foráiltear le hAirteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 gur cheart iarratas ar fhormheas substainte gníomhaí nó iarratas ar leasú ar choinníollacha formheasa, a dhéanamh i gcomhréir le formáidí caighdeánacha sonraí.

(3) Tá dréachtfhormáidí caighdeánacha sonraí bunaithe ar phacáiste bogearraí IUCLID, curtha le chéile ag an Údarás, chun críocha na n-iarratas ar fhormheas agus d'fhonn leasú a dhéanamh ar na coinníollacha formheasa le haghaidh substaintí gníomhacha, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus ar na hiarrataí ábhartha ar aschur eolaíoch.

(4) Chun ardleibhéal trédhearcachta a áirithiú i ngníomhaíochtaí an Údaráis, is iomchuí próiseáil éifeachtúil ar na hiarrataí ar aschur eolaíoch a gheobhaidh an tÚdarás a chumasú agus deis a thabhairt doiciméid a thíolacadh, a chuardach, a chóipeáil agus a chur i gcló, agus a áirithiú ag an am céanna go gcomhlíonfar na ceanglais rialála a leagtar amach i ndlí an Aontais. Dá réir sin, ba cheart formáidí caighdeánacha sonraí a ghlacadh i dtaca le cur isteach iarratas de réir bhrí Airteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(5) Ós rud é go gcuirtear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 chun feidhme leis an Rialachán seo, a bhfuil feidhm acu ón 27 Márta 2021, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2019/1381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú an Aontais ar rioscaí sa bhiashlabhra lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003, Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, Rialachán (AE) 2015/2283 agus Treoir 2001/18/CE (IO L 231, 6.9.2019, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo, glactar formáidí caighdeánacha sonraí i dtaca le cur isteach iarratas ar fhormheas nó ar leasú ar choinníollacha formheasa le haghaidh substaintí gníomhacha, de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán sin.

2. Beidh feidhm aige maidir leis na hiarratais dá dtagraítear i mír 1, a chuirtear isteach an 27 Márta 2021 nó dá éis sin.

Airteagal 2

Formáidí caighdeánacha sonraí a ghlacadh

Glactar leis seo na formáidí caighdeánacha sonraí i dtaca le formheas substainte gníomhaí agus i dtaca leis an leasú ar choinníollacha an fhormheasa sin, mar a mholann an tÚdarás, bunaithe ar phacáiste bogearraí IUCLID agus atá nasctha leis an lárchóras tíolactha atá le bunú i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún ([4]).

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 27 Márta 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2020 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana le haghaidh substaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún (IO L 392, 23.11.2020, lch. 20).